

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS
GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA

NÓS IMEACHTA

Cathaoirleach

1. Ceapfaidh an t-Aire Oideachais agus Eolaíochta Cathaoirleach na Comhairle.
2. Beidh téarma oifige ceithre bliana ag an gCathaoirleach. Tosóidh téarma oifige an chéad chathaoirleach ar dháta chéad chruinniú na Comhairle.
3. Féadfaidh an cathaoirleach, tráth ar bith, éirí as oifig mar chathaoirleach ach é sin a chur in iúl don Aire i litir agus beidh éifeacht leis an éirí as ón dáta ar a bhfaighfear an litir.

Comhaltaí

4. Is tréimhse ceithre bliana é téarma oifige comhalta. Tosóidh téarma oifige na chéad comhaltaí ar dháta chéad chruinniú na Comhairle.
5. (1) I gcás comhalta den Chomhairle bás a fháil, éirí as, teacht faoi dhícháilíocht, a chur as oifig nó aon chúis eile scor d'oifig a shealbhú, féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun bheith ina c(h)omhalta den Chomhairle chun an corrfholúntas a tharla amhlaidh a líonadh agus déanfar an duine a cheapfar amhlaidh a cheapadh ar an modh céanna ar a cheapadh an comhalta den Chomhairle ba chúis leis an gcorrfholúntas.
(2) Aon duine a cheapfar chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle de réir na míre seo, beidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an chomhalta ba chúis leis an gcorrfholúntas a gceaptar é nó í lena líonadh, agus beidh sé nó sí in-athcheaptha mar chomhalta den Chomhairle
6. Más rud é, maidir le comhalta den Chomhairle (lena n-áirítear an cathaoirleach)-
 - (1) go nglacfaidh sé nó sí le hainmniúchán mar chomhalta de Sheanad Éireann, nó
 - (2) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó mar ionadaí i bParlaimint na hEorpa, nó
 - (3) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh, nó
 - (4) go gcuirfidh cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthiscoirfidh an comhalta sin air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle.

- 7 Ní bheidh duine i dteideal a bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle más rud é, maidir leis an duine sin-
- (1) go bhfuil sé nó sí de thuras na huairé i dteideal, faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas, suí sa Teach sin, nó
 - (2) go bhfuil sé nó sí de thuras na huairé ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa.
- 8 Féadfaidh comhalta, tráth ar bith, éirí as oifig mar chomhalta trí litir a sheoladh chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ón dáta ar a bhfaighfear an litir.
- 9 Déanfar comhalta den Chomhairle a bheith as láthair ó gach cruinniú den Chomhairle ar feadh dhá mhí déag as a chéile, mura rud é gur breoiteacht faoi deara é nó í a bheith as láthair nó gur cheadaigh an Chomhairle é, a dhícháiliú ag deireadh na tréimhse sin chun leanúint de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an duine sin.
- 10 Aon chomhalta (lena n-áirítear an cathaoirleach) a rachaidh a théarma nó a téarma oifige in éag trí imeacht aimsire, beidh sé nó sí in-áth cheaptha.
- 11 Aon chomhalta den Chomhairle lena n-áirítear an cathaoirleach-
- (1) a bhfuil aon leas aige nó aici in aon chuideachta nó gnólacht lena mbeartaíonn an Chomhairle aon chonradh a dhéanamh, nó
 - (2) a bhfuil aon leas aige nó aici in aon chonradh a bheartaíonn an Chomhairle a dhéanamh,
- nochtfaidh sé nó sí don Chomhairle go bhfuil an leas sin aige nó aici agus cad é an leas é agus ní ghlacfaidh sé nó sí páirt in aon bhreithniú nó cinneadh ag an gComhairle a bhaineann leis an gconradh, agus déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí na Comhairle.

Leas-chathaoirleacht

12. (1) Déanfaidh an Chomhairle leas-chathaoirleach a cheapadh as measc a comhaltaí (seachas an cathaoirleach).
- (2) Beidh an leas-chathaoirleach i seilbh oifige go dtí go rachaidh tréimhse oifige na gcomhaltaí sin mar chomhaltaí den Chomhairle in éag, mura túsce a éireoidh na comhaltaí sin as.
- (3) Ní mór iarrthóirí don leas-chathaoirleacht a bheith réamh ainmnithe ag comhaltaí de réir an ghnáis seo leanas:
- (i) Iarrthóirí a bheith ainmnithe ag beirt bhall na Comhairle agus an t-ainmniúchán i scríbhinn a bheith in oifig na Comhairle ceithre sheachtain roimh dháta an chruinnithe.
 - (ii) Deimhniú a bheith faighte ag oifig na Comhairle ó gach duine atá ainmnithe mar iarrthóir.
 - (iii) Liosta deimhnithe iarrthóirí a bheith seolta amach chuig na comhaltaí leis an bhfógra cruinnithe 14 lá roimh dháta an chruinnithe, agus

- (iv) má bhíonn vóta i gceist chun an leas-chathaoirleach a roghnú, déanfar trí vóta rúnda é, agus ainmneoidh an Chomhairle beirt bhall na Comhairle chun na vótaí a chomhaireamh

Coiste Feidhmiúcháin.

- 10. (1) Is féidir leis an gComhairle Coiste Feidhmiúcháin a bhunú.
- (2) Beidh an Cathaoirleach agus an leaschathaoirleach ina b(h)all den Choiste Feidhmiúcháin agus d'fhéadfadh an Chomhairle suas le seisear eile a thoghadh freisin as measc a comhaltaí mar bhaill an Choiste Feidhmiúcháin. Beidh an seisear sin i seilbh oifige ar feadh tréimhse na Comhairle reatha nó go dtí go rachaidh tréimhse oifige an seisear mar chomhaltaí den Chomhairle in éag, mura túsce a éireoidh na comhaltaí sin as.
- (3) Beidh comhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin in-athcheaptha
- (4) Is iad na cúraimí a bhainfidh leis an gcoiste seo ná cúrsaí tís (oifig, fostaíochta, foirgníocht)

Fo-Choistí.

- 11. Féadfaidh an Chomhairle am ar bith fo-choistí de chuid na Comhairle a bhunú, seachas an coiste atá luaite in Alt 31 (3) den Acht Oideachais 1998.
- (1) Leagfaidh an Chomhairle síos téarmaí tagartha, ballraíocht agus líon ma mball do gach fo-choiste a bhunófar, agus ceapfaidh an Chomhairle cathaoirligh na bhFo-choistí, ach amháin an fo-choiste Polasaí agus Pleanála.
- (2) Beidh Cathaoirleach na Comhairle ina Chathaoirleach den bhFo-choiste Polasaí agus Pleanála, ach,
- (3) mura mbeidh agus fad nach mbeidh an cathaoirleach i láthair nó má bhíonn oifig an chathaoirligh folamh, leanfar nósmaireacht 14 (2) nó (3) den Nós Imeachta seo maidir le cathaoirleacht chruinnithe an fho-choiste Polasaí agus Pleanála
- (4) Féadfaidh an Chomhairle daoine nach baill iad den Chomhairle a cheapadh mar bhaill d'aon fho-choiste de chuid na Comhairle ach ní bheidh cead vótála ag na daoine sin.
- (5) Beidh an Cathaoirleach agus an leaschathaoirleach ina mball ex *officio* de gach fo-choiste.
- (6) Féadfaidh an Chomhairle tráth ar bith, aon choiste a cheapfar faoin alt seo a dhíscaoileadh.
- (7) Téann gach fo-choiste as feidhm ag deireadh tréimhse na Comhairle

Comhthoghadh.

12. Déanfar daoine a chomhthoghadh ar an gComhairle de réir an ghnáis seo a leanas:
- (1) Ainmneoidh an Chomhairle fo-choiste de chúigear, an Cathaoirleach agus an leas-Chathaoirleach san áireamh, chun moltaí a dhéanamh don Chomhairle maidir le daoine a chomhthoghadh, agus cuirfidh an fo-choiste seo ainm amháin le haghaidh gach folúntas os comhair na Comhairle.
 - (2) Is féidir le comhaltaí na Comhairle daoine a ainmniú le cur san áireamh ag an bhfo-choiste
 - (3) Scorfaidh an fo-choiste tar éis an comhthoghadh a dhéanamh, ach má tharlaíonn sé, i rith tréimhse na Comhairle reatha, go mbeidh duine nó daoine eile le chomhthoghadh, cuirfear an fo-choiste le chéile arís agus na baill chéanna ann, chun ainmneacha a roghnú le cur os comhair na Comhairle.

Cruinnithe na Comhairle

- 13
- (1) Tionólfaidh an Chomhairle cibé cruinnithe agus cibé méid cruinnithe, agus sin ag cibé tráth is gá, ach ní bheidh níos lú ná ceithre chruinniú in aon bhliain féilire amháin.
 - (2) Tabharfar fógra nach lú ná 14 lá do gach cruinniú.
 - (3) Is é is córam do chruinnithe na Comhairle trian de líon iomlán na gcomhaltaí, arna chothromú suas go dtí an chéad slánuimhir eile, móide a haon.
14. Ag cruinniú den Chomhairle-
- (1) Beidh an cathaoirleach, má bhíonn sé nó sí i láthair, ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú,
 - (2) Mura mbeidh agus fad nach mbeidh an cathaoirleach i láthair nó má bhíonn oifig an chathaoirligh folamh, beidh an leaschathaoirleach ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú,
 - (3) Mura mbeidh agus fad nach mbeidh an cathaoirleach i láthair nó má bhíonn agus fad a bheidh oifig an chathaoirligh folamh, agus mura mbeidh agus fad nach mbeidh leaschathaoirleach i láthair nó má bhíonn agus fad a bheidh oifigí an leaschathaoirligh folamh, déanfaidh na comhaltaí den Chomhairle a bheidh i láthair duine dá líon a roghnú chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.
15. Má dhéanfar ceist ag cruinniú den Chomhairle a chinneadh le vóta déanfar é le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás comhionannais vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.

16. Má tharlaíonn de thionóisc nach dtabharfar fógra faoi chruinniú d'aon duine a bheidh i dteideal fógra a fháil, nó nach bhfaighidh sé/sí fógra faoi, ní chuirfidh sin na himeachtaí ag an gcruinniú ó bhail.
17. Ní dhéanfar gnó ar bith ag cruinniú mura mbíonn córam i láthair.
18. Más rud é, faoi cheann leathuair an chloig ón am a ceapadh don chruinniú, nach mbeidh córam i láthair, beidh an cruinniú ar scor agus beidh sé ar atráth go dtí an lá céanna an tseachtain dar gcionn, ag an am céanna agus san áit chéanna, nó go dtí cibé lá eile agus cibé am agus áit a chinneadh an na baill atá i láthair, agus dá dtarlódh ag an gcruinniú atrátha nach mbeidh córam i láthair faoi cheann leathuair an chloig ón am a ceapadh don chruinniú, beidh na baill a bheidh i láthair ina gcóram, agus beidh aon chinneadh a dhéanfaí bailí.
19. Féadfaidh an Chomhairle gníomhú d'ainneoin folúntais nó folúntas i measc a comhaltaí.
20. Féadfaidh an Chomhairle nó an Cathaoirleach cuireadh a thabhairt d'aon duine nach ball den Chomhairle é/í freastal agus labhairt ag cruinniú den Chomhairle gan cead vótála.
21. Féadfaidh an Chomhairle a cuid rialacha seasta a cheapadh de réir mar a oireann, chomh fada is nach sáraíonn siad an Nós Imeachta seo.

Cruinniú Úrghnách.

22. Tabharfar cruinniú úrghnách ar gach cruinniú Comhairle nach gnáth chruinniú Comhairle é
23. Féadfaidh an Chomhairle , aon uair is cúí leis, cruinniú Úrghnách a chomóradh: ag an gCathaoirleach nó ag sé bhall, de réir an ghnáis seo a leanas:
 - (1) Litir a sheoladh isteach chuig oifig na Comhairle ag léiriú an cineál gnó atá le plé agus má tá rún nó rúin ar an gclár gnó, sonrúidh an litir an rún nó na rúin sin go beacht, maille le hainmneacha na ndaoine atá á moladh.
 - (2) Déanfar an cruinniú úrghnách a ghairm le fógra 14 lá ar a laghad i scríbhinn. Sonróidh an fógra áit, lá agus am an chruinnithe, an gnó nó rún nó rúin atá le plé agus ainmneacha na ndaoine atá ag éileamh an chruinnithe
24. Bainfidh na nósanna imeachta céanna le cruinniú úrghnách is a bhaineann le gnáth chruinniú

Costais.

25. Íocfar liúntais taistil agus cothabhála de réir gnáth rialacha na seirbhíse poiblí.

Airgead

26. Beidh dhá shiniú ag teastáil ar gach seic a eisítear.
27. Is iad an Príomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach a chomhshíneoidh seiceanna na Comhairle, ach ceapfar suas le beirt eile chun seiceanna a comhshiniú in éagmais an Chathaoirligh nó an Príomhfheidhmeannaigh.
28. Ceapfaidh an Chomhairle Iniúcháirí agus déanfar cuntais na Comhairle a iniúchadh go bliantúil
29. Is í an bhliain féilire bliain airgeadais na Comhairle.
30. Is tréimhse ceithre bhliain a bheas ag na hIniúcháirí, ach is féidir iad a athcheapadh.
31. Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach nó fostaí eile ainmnithe aige/aici cuntas airgid a chur ar fáil ag gach cruinniú den Chomhairle.

Fostaithe

32. (1) Beidh Príomhfheidhmeannach na Comhairle freagrach don Chomhairle, agus idir chruinnithe na Comhairle, don Chathaoirleach, nó in éagmais an Chathaoirligh do leas chathaoirleach na Comhairle.
- (2) Muna bhfuil an Cathaoirleach nó an leas chathaoirleach ar fáil ceapfaidh an Chomhairle duine as a measc féin agus beidh an Príomhfheidhmeannach freagrach dó/dí idir chruinnithe na Comhairle.
- (3) Má tharlaíonn sé idir chruinnithe na Comhairle nach mbeidh an Cathaoirleach nó an leas-chathaoirleach ar fáil ceapfaidh an Coiste Polasaí agus Pleanála duine as a measc féin agus beidh an Príomhfheidhmeannach freagrach dó/dí idir chruinnithe na Comhairle.
33. Beidh gach fostaí eile freagrach don bhPríomhfheidhmeannach.
34. Ní cheadmhach d'aon fhostaí na Comhairle a bheith mar bhall den Chomhairle.

Éagsúil

35. Is í an Ghaeilge teanga oibre na Comhairle.

Leasú

36. (1) Féadfaidh an Chomhairle aon mhir den nós imeachta seo a leasú nó míreanna breise a chur leis chomh fada is nach sáróidh aon athrú nó aon mhir bhreise Alt 31 den Acht Oideachais nó cinneadh an Aire.
- (2) Ní ghlacfar le haon athrú ar an nós imeachta seo ach amháin:
- (i) Go bhfuil sé i bhfoirm rúin, le cuiditheoir amháin, agus curtha chuig na comhaltaí 21 lá ar a laghad roimh dháta an chéad chruinnithe eile, agus
 - (ii) Go glactar leis an rún le móramh dhá thrian na gcomhaltaí atá i láthair.

Leagan 17.00 9.10.2006

